— ús mainneachtana conarthach eile, arna fhabhrú ar ráta bliantúil atá cothrom le comhiomlán (i) 2,5 % (250 bonnphointe) agus (ii) an ráta is iníoctha faoi Airteagal 3.01, go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 9 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta (arna seachú chuig na héilimh ón mBanc Eorpach Infheistíochta).

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-469/22)**

(2022/C 359/111)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don Aontas, i gcomhréir leis an gceart seachaíochta atá aige, faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 de Chomhaontú Iasachta "Electricity Distribution Project" Uimh. 20948 ("an Comhaontú Iasachta") ón 9 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

— EUR 28 777 508,71, an méid atá dlite don Aontas amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim dár luach EUR 27 388 963,40, ús dár luach EUR 116 091,27, agus ús mainneachtana conarthach dár luach EUR 1 272 454,04 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

— ús mainneachtana conarthach eile, arna fhabhrú ar ráta bliantúil atá cothrom leis an gceann is airde díobh seo a leanas (in aon tréimhse ábhartha ar leith): (i) an ráta ábhartha idirbhainc plus 2 % (200 bonnphointe) nó (ii) an ráta is iníoctha faoi Airteagal 3.01 plus 0,25 % (25 bhonnphointe), go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 9 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta (arna seachú chuig na héilimh ón mBanc Eorpach Infheistíochta).

---

**Caingean arna tabhairt an 29 Iúil 2022 – QM v an Chomhairle**

**(Cás C-471/22)**

(2022/C 359/112)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* QM (ionadaí: St. Koev, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a chinneadh go bhfuil an chaingean inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi ina hiomláine agus a chinneadh go bhfuil bunús maith ina n-iomláine ag na saincheisteanna dlí a leagtar amach inti;

— a chinneadh go bhféadfaí na bearta atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach;

— Cinneadh (CBES) 2022/849 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria [1] a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria [2] a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh costais an iarratasóra go léir chomh maith le costais, speansais, táillí agus caiteachas eile a bhaineann lena chosaint dlí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú tromchúiseach ar an gceart chun chosaint a fháil agus ar an gceart chun trialach córa.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear mainneachtain ag an gComhairle a hoibleagáid cúiseanna a shonrú a chomhlíonadh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun cosanta breithiúnaí éifeachtaí.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe ag an gComhairle.

5. An cúigiú saincheist, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun maoine, ar phrionsabal na comhréireachta agus ar an gceart chun saoirse fiontraíochta.